Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 14

# An tSaotharlann Stáit

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reactaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais na Saotharlainne Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €454,489 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais An Chomhaontacht Bainisteoireachta Seirbhíse idir an tSaotharlann Stáit agus an tOifig Naisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte pharolla agus seirbhísí achmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir cinnteachta ón Oifigeach Cuntasaíochta don vóta do sheirbhísí comhroinnte go bhfuil rialacháin iomchuí i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte pharolla agus seirbhísí achmhainní daonna chur ar fail don saotharlainne.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an tSaotharlann Stáit go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an tSaotharlann Stáit na treoirlínte seachas i gcás dhá chonradh ar luach €158,356 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002. Ní dhearnadh na conarthaí seo a sholáthar ar bhealach iomaíoch ar na cúiseanna seo a leanas:
    - Bronnadh dhá chonradh ar luach €78,951 ar chomhluchtaí éagsúla ina ndéantar brandaí trealamh saotharlainne áirithe mar gur iadsan an t-aon soláthróir don trealamh seo.
    - Bronnadh conradh amháin ar luach €51,586 ar chomhlucht amháin agus é an t-aon soláthróir Eorpach do thomhaltáin áirithe agus uirlisí ar leith.
    - Caitheadh €27,819 le soláthróir gáis saotharlainne nuair a bhí an conradh caite i mí Márta. Tá an tSeirbhís um Sholáthar Oideachais ag bunú Creat-Chomhaontaithe don riachtanas seo a bhí curtha siar.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an tSaotharlann Stáit le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na tSaotharlann Stáit i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca *seo* a mhaolú.

Tá clár rioscaí in áit a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil.Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialuithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Ita Kinahan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

29 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An tSaotharlann Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 14 An tSaotharlann Stáit
## Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach | 9,671 | 9,318 | 8,882 |
| | **Olliomlán** | **9,671** | **9,318** | **8,882** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **922** | **1,023** | **883** |
| | **Glaniomlán** | **8,749** | **8,295** | **7,999** |

**Farasbarr le tabhairt suas**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | **454,489** | **450,638** |

**Ita Kinahan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

29 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 5,279 | 4,923 |
| Neamh-phá | | 4,039 | 3,959 |
| **Olliomlán** | | **9,318** | **8,882** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,023** | **883** |
| **Glaniomlán** | | **8,295** | **7,999** |
| **Athruithe maidir le sóchmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (974) | | |
| Dímheas | 773 | | |
| | | (201) | (221) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 110 | | |
| Méadú ar stoc | (28) | | |
| | | 82 | (201) |
| **Caiteachas Díreach** | | **8,176** | **7,577** |
| **Caiteachas iompraithe ó áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,367 | 1,143 |
| Measchíosanna | | 1,622 | 1,622 |
| **Costas glan clár** | | **11,165** | **10,342** |

### 1.1 Glanseirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 14 a tabhaíodh in áit éigin eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 1,355 | 1,133 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 12 | 10 |
| | | **1,367** | **1,143** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## Nóta 2 Ráiteas Maidir leis an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **1,721** | **1,520** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 253 | 240 |
| Stoic | 2.4 | 174 | 146 |
| Réamhíocaíochtaí | | 630 | 652 |
| Ioncam fabhraithe | | 80 | 129 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 5 | 14 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,142** | **1,181** |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 128 | 89 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 255 | 264 |
| Maoiniú glanchiste ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 3 | (10) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **386** | **343** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **756** | **838** |
| **Glansócmhainní** | | **2,477** | **2,358** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,477** | **2,358** |

## 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 2,358 | 1,936 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 8,749 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (454) | | |
| Vóta glan | | | 8,295 | 7,999 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 1,367 | 1,143 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 1,622 | 1,622 |
| Costas glan clár | 1 | | (11,165) | (10,342) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,477** | **2,358** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó Iuacháil ag 1 Eanáir 2017 | 13,787 | 543 | 14,330 |
| Breiseanna | 961 | 13 | 974 |
| Diúscairtí | (1,097) | — | (1,097) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 13,651 | 556 | 14,207 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 12,272 | 538 | 12,810 |
| Dímheas don bhliain | 771 | 2 | 773 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,097) | — | (1,097) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | 11,946 | 540 | 12,486 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **1,705** | **16** | **1,721** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 1,515 | 5 | 1,520 |

## 2.3 Banc agus airgead

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fuílleach PMG | 248 | 234 |
| Fuílleach cuntais bainc tráchtála | 5 | 6 |
| | **253** | **240** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhar inchaite ceimiceach agus saotharlainne | 138 | 120 |
| Stáiseanóireacht agus ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 36 | 26 |
| | **174** | **146** |

## 2.5 Fuílligh docair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais taistil inaisíochta | 1 | 1 |
| Scéim pas taistil inaisíoctha | 2 | 12 |
| Scéim um rothaíocht chun oibre inaisíoctha | 2 | 1 |
| | **5** | **14** |

## 2.6 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 93 | 86 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 65 | 59 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 21 | 23 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | 1 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | — | 2 |
| Cáin Bhreisluacha ar Éadálacha in-AE | 15 | 36 |
| | 195 | 207 |
| Asbhaintí den phárolla áta á gcoinneáil ar fionraí | 60 | 55 |
| Ilghnéitheacha | — | 2 |
| | **255** | **264** |

## 2.7 Maoiniú glanchiste ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farrasbarr le tabhairt suas | 454 | 451 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (451) | (461) |
| **Maoiniú glanchiste ón Státchiste atá dlite** | **3** | **(10)** |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 253 | 240 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 5 | 14 |
| | 258 | 254 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (195) | (207) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (60) | (57) |
| | (255) | (264) |
| | **3** | **(10)** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí | 296 | 66 |
| Iomlán ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí | **296** | **66** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas an Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| **A** | **Saotharlann Anailíseach agus Seirbhís Chomhairleach an Rialtais** | **2017** | | **2016** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastúchán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 5,601 | 5,279 | 4,923 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 40 | 33 | 30 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 256 | 248 | 233 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 70 | 48 | 56 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF sheachtaracha | 2,145 | 2,321 | 2,169 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,545 | 1,376 | 1,457 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 14 | 13 | 14 |
| | | **9,671** | **9,318** | **8,882** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhi an caiteachas maidir leis an Vóta €353,000 níos lú ná an meastachán. An príomhchúis le seo ná go raibh caiteachas ar phá níos lú ná mar a a bhí beartaithe.

Tá mionsonraí maidir le héagsúlachtaí leagtha amach thíos:

*i* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar Mheastacháin: €5.6 milliún, toradh: €5.3 milliún.

Moill ar earcaíocht phleanáilte is cúís leis an athrú idir an meastachán agus an toradh le haghaidh tuarastail, pá agus liúntais.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais d'anailísí éagsúla, scrúduithe srl | 700 | 818 | 657 |
| 2 | Fáltais ó asbhaintí bainteach le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 222 | 205 | 219 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha | --- | — | 7 |
| | **Iomlán** | **922** | **1,023** | **883** |

**Athrúcháin suntasacha**

Go ginearálta, bhí leithreasaí-i-gcabhair €101,000 níos mó ná an meastachán .

Na príomhchúiseanna do na difríochtaí seo ná:

1 *Admhálacha d'anailísí éagsúla, scrúduithe, teisteanna, agus araile.*

Soláthair Mheastacháin: €0.7 milliún, toradh: €0.818 milliún

An chúis leis na hadmhálacha bhreise ar luach €118,000 ná go bhfuil táillí chróinéara curtha san aireamh faoin mírcheann seo. Toisc go mbraitheann an seirbhís seo ar éileamh, ní feidir reamhaithris chruinn a dhéanamh ar an suim do leithreasaí-i-gcabhair. Cuireadh na hadhmhálacha bhreise seo in aghaidh easnamh adhmhálacha ó asbhaintí atá bainteach le scéim phinsin.

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | **96** | **89** |

### Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 4,870 | 4,560 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 21 | 19 |
| Ragobair | 1 | 1 |
| ÁSPC an Fhostóra | 387 | 343 |
| Pá Iomlán | **5,279** | **4,923** |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair is Airde 2017 € | Uasíocaíocht Aonair is Airde 2016 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 1 | 1 | 16,657 | 14,172 |
| Liúntais eile | 3 | — | 2,430 | 2,477 |
| Ragobair | 2 | — | 645 | 1,345 |

Ní bhfuair aon bhall foirne íocaíochtaí breise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Íocaíochtaí feidhmiúcháin agus fiúntais

Faoi thearmaí an chomhaointaithe athchóirithe an 1% PCW idir Comhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí agus an rialtas, san iomlán fuair deich oifigeach €29,142 maidir le liúntais CIO (2016 €28,156).